

# Ceacht 1



## A thuiscint go bhfuil ‘teachtaireacht’ á cur i láthair ag na meáin agus a thuiscint go bhfuil ceann de cheithre sprioc ag an bhfógraíocht

### Cuspóir Foghlama

A thuiscint go bhfuil ‘teachtaireacht’ á cur i láthair ag na meáin agus go ndéanann fógraíocht iarracht ceann de cheithre sprioc a bhaint amach:

- Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
- Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
- Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
- Dearcadh a chur chun cinn

### Toradh Foghlama

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann cineálacha éagsúla meáin a aithint a fheiceann siad ar bhonn rialta agus a thuiscint go bhfuil ‘teachtaireacht’ á cur i láthair sna meáin sin. Ba chóir go mbeadh na leanaí feasach ar go bhfuil fógraíocht ag iarraidh rud éigin a dhíol agus ba chóir go mbeidís in ann a thuiscint go ndíríonn fógróirí an fhógraíocht ar dhaoine áirithe – daoine fásta, leanaí, daoine óga, daoine scothaosta agus teaghlaigh. Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann roinnt fógraíochta a aithint agus a thuiscint go bhfuil fógraíocht mórthimpeall orainn i ngach áit.

A thuiscint go ndéanann fógraíocht iarracht ceann de cheithre sprioc a bhaint amach:

- Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
- Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
- Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
- Dearcadh a chur chun cinn

### Nótaí an Mhúinteora

Tugtar meáin chumarsáide ar na bealaí éagsúla atá ann teachtaireacht a chur chun cinn. Ina measc tá meáin a mbeifeá ar an eolas fúthu cosúil le hirisleabhair, an teilifís, an raidió agus suíomhanna gréasáin. Ach áiríonn sé freisin bealaí eile nach bhfuil chomh follasach mar shampla téacstheachaireachtaí, urraíocht agus fiú amháin lógónna de bhrandaí ar éadaí.

Tá meáin mórthimpeall orthu an t-am ar fad, cé nach gá go mbeimis in iúl air sin.

An sprioc atá leis na meáin ná a chur in luí orainn táirge a cheannach nó a úsáid. Baineann an tionscal fógraíochta leas as cineálacha éagsúla meáin chun a dteachtaireacht a chur in iúl. Na daoine a dhéanann na meáin sin is iadsan a chinneann cén teachtaireacht a theastaíonn uathu a chur in iúl (na rudaí a theastaíonn uathu a rá).

Is féidir le cuideachtaí daoine sna meáin a íoc chun a dteachtaireacht a chur in iúl, faoi tháirge nó faoi bhranda ar leith. Tugtar fógraíocht ar theachtaireachtaí a chur in iúl ar an mbealach seo. Feiceann an gnáthdhuine tuairim is 1,500 fógra gach lá.

### Acmhainní

- *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* Físeán
- Gníomhaíocht 1.1
- Gníomhaíocht 1.2
- Gníomhaíocht 1.3
- Fógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise

### Modheolaíocht

- Caint agus Plé: Teachtaireacht a chur in iúl; Sprioc na Fógraíochta
- Comharfhoghlaim: Cuairt ar Ionad Siopadóireachta
- Foghlaim trí mheán an ábhair: An Físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*; Torann – Siopa Ceoil Nua

# Ceacht 1



## Cur Chuige

### Céim 1: Teachtairacht a Chur in Iúl

- Inis do na leanaí go gcaithfidh tú teachtaireacht a chur chuige cara leat sa chéad bhaile eile.
- Iarr orthu moltaí a chur ar fáil faoin gcaoi is fearr chun an teachtaireacht sin a sheoladh.

*Seans go molfaidís litir a chur, ríomhphost a sheoladh, glao teileafóin a dhéanamh, téacsáil, nó teachtaireacht a chur ar aip ar líne.*

- Fiafraigh de na leanaí cén chaoi a gcuirfidís teachtaireacht chuig cara leo? Cén bealach is tapúla?
- Mínigh do na leanaí go bhfaigheann siad teachtaireachtaí gach lá, roinnt díobhsan a bhfuil siad in iúl orthu, mar shampla ó chairde, ón teaghlach, nó ó mhúinteoirí. Ach tá teachtaireachtaí eile atá á bhfáil acu nach bhfuil siad in iúl orthu. Fiafraigh de na leanaí cad as a bhfuil na teachtaireachtaí eile sin ag teacht, dar leo?
- Cuir na ceisteanna seo ar na leanaí:
  - Conas a thuigfeá cén áit an bia is fearr leat a cheannach?
  - Conas a thuigfeá cén áit na héadaí is fearr leat a cheannach?
  - Conas a thuigfeá cathain a bheidh an seó teilifíse is fearr leat ar siúl?

*Seans go luafaidh na leanaí gur féidir teacht ar an bhfaisnéis sin ar a teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon, ó chairde.*

- Mínigh don rang go bhfuil siad chun breathnú ar bhealaí éagsúla chun faisnéis a fháil ó na meáin.
- Mínigh go dtugtar ‘na meáin’ ar na bealaí éagsúla sin chun teachtaireacht a fháil.

### Céim 2: An físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*

- Taispeáin an físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, [www.MediaWise.ie](http://www.MediaWise.ie)
- Tar éis an fhíseáin, fiafraigh de na leanaí an féidir leo aon chineál meáin a chonaiceadar ar an bhfíseán a ainmniú?
- Inis don rang go gcuireann na cineálacha éagsúla meáin sin daoine ar an eolas faoin na nithe a cheannaímid agus a úsáidimid gach lá – bia, éadaí, cluichí, leabhair, bréagáin agus teicneolaíocht.
- Mínigh dóibh go bhfuil cuideachtaí ag iarraidh na nithe sin a dhíol linn agus go dteastaíonn uathu muid a spreagadh chun a dtáirgí a cheannach.
- Fiafraigh de na leanaí ar cheannaigh siad riamh ceann de na táirgí a chónaic siad i bhfógra? Ar spreag an fógra iad chun an táirge sin a cheannach?



Físeán

### Céim 3: An Gníomhaíocht ‘Cuairt ar Ionad Siopadóireachta’

- Fiafraigh de na leanaí ar thug siad cuairt riamh ar ionad siopadóireachta.
- Fiafraigh díobh cad a bheadh le feiceáil in ionad siopadóireachta?

*Seans go luafaidís siopaí, caiféanna, ollmhargaí, botháin, pictiúrlann, daoine*

- Cén fáth a rachfá chuig ionad siopadóireachta?

*Seans go luafaidís siopadóireacht, breathnú ar na siopaí, bia a cheannach, scannán a fheiceáil sa phictiúrlann.*

- Taispeáin Gníomhaíocht 1.1 dóibh – íomhá d’ionad siopadóireachta.
- Cad atá le tabhairt faoi deara faoi ionad siopadóireachta?

*Seans go dtabharfaidh siad faoi deara na comharthaí ar na siopaí nó na lógónna ar na héadaí.*

*Níl aon bhrandaí orthu.*

- Fiafraigh de na leanaí cad iad na comharthaí nó na brandaí a mbeidís ag súil iad a fheiceáil sa phictiúr.
- Luafaidh leanaí éagsúla brandaí éagsúla ag brath ar an nithe a bhfuil spéis phearsanta acu féin iontu.
- Tabhair an deis do na leanaí Gníomhaíocht 1.1 a dhéanamh lena mbrandaí féin bídís ina bhfíorbhrandaí nó ina gcinn bhréige.

Iarr ar na leanaí ar mhaith leo a n-ionad siopadóireachta féin a chur i láthair an ranga, agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad na siopaí, na sluáin, na brandaí agus na dathanna sin.

*Seans go luafaidís uirlisí cistine, earraí glantacháin tí, táirgí cógaisíochta, soláthairtí do pheataí, feoil, glasraí agus torthaí, táirgí déiríochta, táirgí ón mbácús, DVDanna, trealamh spóirt, cluichí cláir, bia do naíonáin agus táirgí cúraim leanaí.*



Gníomhaíocht 1.1

# Ceacht 1



## Cur Chuige ar lean

### Céim 4: Torann – An Siopa Ceoil Nua

- Inis do na leanaí go dtaitníonn a bpicéir go mór leat dá n-ionaid siopadóireachta agus gur mhaith leat cuidiú leo siopadóirí a mhealladh teacht isteach sa siopa ceoil nua darb ainm ‘Torann’.
- Chuige sin beidh orthu machnamh ar na cineálacha éagsúla meáin go léir – bídis traidisiúnta nó digiteach – a d’fhéadfaidís a úsáid chun fógraíocht a dhéanamh ar an siopa nua Torann. Míniú do na leanaí go dtugtar ‘fógraíocht’ ar na cineálacha éagsúla meáin sin. Seo a leanas roinnt samplaí:
  - Cineama
  - Irisleabhair
  - Lógónna nó teachtaireachtaí ar éadaí
  - Póstaeir
  - Teilifís
  - Raidió
  - Suíomhanna Gréasáin
  - Físchluichí
  - Aipeanna ar tháibléid
  - Meáin Shóisialta.
- Fiafraigh de na leanaí cad iad na meáin is oiriúnaí, dar leo, chun fógraíocht a dhéanamh ar shiopa ceoil?
- Cé hiad na daoine a d’fhéicfeadh na fógraí?
- Cá mbeadh na fógraí le feiceáil chun a chinntiú go bhfeicfeadh na daoine cearta iad?
- Cén lógó, dath agus cló roghnóidís?
- Cén slúán a bheadh oiriúnach chun daoine a mhealladh chuig an siopa ‘Torann’?
- I ngrúpaí, i mbeirteanna nó ar bhonn aonair, iarr ar na leanaí a chinneadh cén meán is oiriúnaí agus cén lógó, dath agus cló a roghnóidís. Ansin is féidir leo Gníomhaíocht 1.2 a dhéanamh agus a gcuid smaointe agus a ndearthaí a chur san áireamh.
- Tar éis na gníomhaíochta, iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gcuid smaointe agus a ndearthaí a chur i láthair an ranga agus a roghanna a mhíniú.

**Gníomhaíocht 1.2**  
Torann – An Siopa Ceoil

Cad iad na meáin chumarsáide is oiriúnaí chun fógraíocht a dhéanamh ar shiopa ceoil nua?

Cé hiad na daoine a d’fhéicfeadh na fógraí?

Cá mbeadh na fógraí le feiceáil chun a chinntiú go bhfeicfeadh na daoine cearta iad?

Cén lógó, dath agus cló roghnóidís?

Cén slúán a bheadh oiriúnach chun daoine a mhealladh chuig an siopa ‘Torann’?

I ngrúpaí, i mbeirteanna nó ar bhonn aonair, iarr ar na leanaí a chinneadh cén meán is oiriúnaí agus cén lógó, dath agus cló a roghnóidís. Ansin is féidir leo Gníomhaíocht 1.2 a dhéanamh agus a gcuid smaointe agus a ndearthaí a chur san áireamh.

Tar éis na gníomhaíochta, iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gcuid smaointe agus a ndearthaí a chur i láthair an ranga agus a roghanna a mhíniú.

ainm \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Gníomhaíocht 1.2

### Céim 5: Sprioc na Fógraíochta

Míniú do na leanaí go ndéanann fógraíocht iarracht ceann de cheithre sprioc a bhaint amach:

- Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
- Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
- Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
- Dearcadh a chur chun cinn
- Inis do na leanaí go bhfuil an rang chun gníomhaíocht a dhéanamh lena chéile agus breathnú ar fhógraí atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, [www.MediaWise.ie](http://www.MediaWise.ie)
- Cuir i gcuimhne don rang gurb iad na daoine a dhéanann na meáin a chineann cén teachtaireacht a theastaíonn uathu a chur in iúl (cad a theastaíonn uathu a rá).
- Míniú go n-íocann cuideachtaí na meáin chun a dteachtairachtaí a chur in iúl, mar shampla faoi tháirge nó faoi bhranda ar leith.
- Agus iad ag breathnú ar na fógraí is féidir leis na leanaí úsáid a bhaint as Gníomhaíocht 1.3 chun a smaointe a thairfeadh faoi céard a theastaíonn ó gach fógra a bhaint amach:
  - Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
  - Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
  - Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
  - Dearcadh a chur chun cinn
- Tar éis breathnú ar gach fógra, fiafraigh de na leanaí céard é sprioc an fhógra sin.
- Fiafraigh díobh conas a tháinig siad ar an gcinneadh sin.
- Cén ghné den fhógra a rinne an sprioc áirithe sin soiléir?

**Gníomhaíocht 1.3**

Cén cuimhne atá ag an bhfógraí?

Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn	
A chur ina lúí orainn táirge a cheannach	
A chur ina lúí orainn ár n-iompar a athrú	
Dearcadh a chur chun cinn	

ainm \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Gníomhaíocht 1.3